AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.8.2012
COM(2012) 447 final

2012/0216 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le gabhálacha céiticeach de thaisme in iascaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 88/98**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe a fhorlíonadh nó a leasú sa ghníomh reachtach mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) den CFAE (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) den CFAE (gníomhartha cur chun feidhme).

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a ghlacadh, rinne an Coimisiún an ráiteas seo a leanas:

"Tabharfaidh an Coimisiún faoi scrúdú ar na gníomhartha reachtacha uile atá i bhfeidhm agus nár oiriúnaíodh don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú roimh do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, ionas a mheasúnú an gá na hionstraimí sin a oiriúnú do chóras na ngníomhartha tarmligthe a tugadh isteach le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh an Coimisiún na tograí is iomchuí ar aghaidh a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná na dátaí a luaitear san fhéilire táscach atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas seo."[1]

I gcomhthéacs ailíniú Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 le rialacha nua an CFAE, tá cumhachtaí a thugtar faoi láthair don Choimisiún faoin Rialachán sin athaicmithe mar bhearta de chineál tarmligthe agus mar bhearta de chineál cur chun feidhme.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun coinníollacha agus sonraíochtaí teicniúla a chur in oiriúint d'úsáid gléasanna fuaimiúla bactha. Mar an gcéanna, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an nós imeachta agus an bhformáid le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a ghlacadh.

## 2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní raibh gá le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ná le measúnú tionchair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomh atá beartaithe**

Chun na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún i Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 ón gComhairle a shainiú agus chun na cumhachtaí sin a aicmiú mar chumhachtaí tarmligthe nó cur chun feidhme.

[1] IO L 55, 28.2.2011, lch. 19.

- **Bunús dlí**

Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Déanann an togra seo leasú ar bhearta atá ann cheana i Rialachán (CE) Uimh. 182/2004 ón gComhairle, agus níl aon chúis imní ann faoi phrionsabal na comhréireachta dá bhrí sin.

- **Rogha na hionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Níor leor ionstraimí eile ar an gcúis seo a leanas: ní mór Rialachán a leasú le Rialachán eile.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ní bhaineann aon chaiteachas breise ón Aontas leis an mbeart seo.

2012/0216 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le gabhálacha céiticeach de thaisme in iascaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 88/98**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 812/2004[2] ón gComhairle tugtar cumhachtaí don Choimisiún chun cuid de na forálacha sa Rialachán sin a chur chun feidhme.

(2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, i gcás na gcumhachtaí a tugadh don Choimisiúin chun Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 a chur chun feidhme, is gá iad a ailíniú le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Chun forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le sonraíochtaí teicniúla agus coinníollacha úsáide gléasanna fuaimiúla bactha.

(4) Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí, lena n–áirítear comhairliúcháin le saineolaithe, le linn a oibre ullmhúcháin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

(5) Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

---

[2] IO L 150, 30.4.2004, lch. 12.

(6) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha de Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 a bhaineann leis na rialacha maidir le nós imeachta agus formáid le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin[3].

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 812/2004 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ní mór do ghléasanna fuaimiúla bactha a úsáidtear i bhfeidhmiú Airteagal 2(1) sonraíochtaí teicniúla agus coinníollacha úsáide a chomhlíonadh. Tá coinníollacha agus sonraíochtaí sainmhínithe in Iarscríbhinn II. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún Iarscríbhinn II a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a, chun an Iarscríbhinn sin a chur in oiriúint do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*
*Cur chun feidhme*

D'fhéadfaí rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta agus leis an bhformáid le haghaidh tuairisciú, mar a leagtar amach in Airteagal 6, a bhunú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 8b(2)."

(3) Cuirtear isteach Airteagal 8a agus Airteagal 8b mar seo a leanas:

*"Airteagal 8a*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Is ar feadh tréimhse neamhchinntithe a thabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

---

[3] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin trí bhíthin cinnidh cúlghairme. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 8b*
*Nós imeachta coiste*

1. Beidh cúnamh le fáil ag an gCoimisiún ón gCoiste Comhairleach um Iascach agus Dobharshaothrú arna bhunú le hAirteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*